

# AN CHÁISC...in Éirinn

LUAN CÁSCA

OIDHREACTH

## STAIR NA HÉIREANN AGUS AN CHÁISC

Mar aon leis an gceiliúradh traidisiúnta in Éirinn um Cháisc, tá sé tábhachtach stair na hÉireann a cheiliúradh, mar gheall gur tharla eachtra in Éirinn ar Luan Cásca 1916, eachtra ar a dtugtar 'Éirí Amach na Cásca' sa lá atá inniu ann.

Luan Cásca, 24 Aibreán 1916, ghlac reibiliúnaigh seilbh ar phríomhfhoirgnimh chathair Bhaile Átha Cliath. Léigh Pádraig Mac Piarais Forógra 1916 agus dúradh gur chóir go mbeadh gach Éireannach i gceannas air féin, saor ó riail na Breataine. Thit troid amach inar cailleadh thart ar 500 duine.

Cé nár thacaigh roinnt Éireannach leis an Éirí Amach ar dtús, nuair a cuireadh na ceannairí chun báis, rinneadh laochra díobh agus thacaigh daoine leis an gcúis. Níor éirigh leis na reibiliúnaigh ar dtús, ach lean imeachtaí eile an t-Éirí Amach agus sa deireadh rinneadh poblacht neamhspleách d'Éirinn.

## RIAIL NA BREATAINE

Ag an am sin bhí Éire faoi riail na Breataine. D'eaontaigh go leor Éireannach leis sin agus theastaigh uathu poblacht neamhspleách a chruthú – tír faoi cheannas uachtaráin seachas rí/banríon. Tugadh Bráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) ar an bpríomhghrúpa a bhí á iarraidh sin, agus d'eagraigh siad Éirí Amach 1916.

Bráithreachas  
Phoblacht na  
hÉireann

## GÉILLEADH AGUS GABHÁIL

Tar éis seachtain troda thuig na reibiliúnaigh nach bhféadfaí Arm na Breataine a chloí, agus chun tuilleadh báis a chosc, ghéill siad agus gabhadh iad. Daoradh chun báis go leor de cheannairí agus óglaigh na hÉireann mar gheall go ndearna siad feall ar riail na Breataine.

## RUAIRÍ MAC EASMAINN

Rugadh Ruairí Mac Easmainn i mBaile Átha Cliath in 1864. Ba Angla-Éireannach é a d'oibrigh le Státseirbhís na Breataine. Chuaigh sé le hÓglaigh na hÉireann in 1913 agus ba cheannaire é i ngluaiseacht saoirse na hÉireann. Gabhadh é roimh an Éirí Amach agus cuireadh chun báis é i Lúnasa 1916.